



An Bhruiséil, 18 Márta 2019
(OR. en)

7551/19

COHAFA 24
DEVGEN 55
FIN 239
MAMA 56
COEST 73
RECH 173
ENV 299
CLIMA 80
EDUC 158
CULT 46

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	18 Márta 2019
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	7244/2019
Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "Trédhearcacht chistí an Aontais arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí neamhrialtasacha: iarracht níos mó ag teastáil" Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle ar Thuarascáil Speisialta Uimh. 35/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le 'Trédhearcacht chistí an Aontais arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí neamhrialtasacha: iarracht níos mó ag teastáil', mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ar an 18 Márta 2019.

Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2018 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: 'Trédhearcacht chistí an Aontais arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí neamhrialtasacha: iarracht níos mó ag teastáil'

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 35/2018 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa dar teideal *Transparency of EU funds implemented by NGOs: more effort needed* [Trédhearcacht chistí an Aontais arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí neamhrialtasacha: iarracht níos mó ag teastáil]¹. Is comhpháirtithe tábhachtacha iad eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) i gcláir chistiúcháin an Aontais a chur chun feidhme laistigh den Aontas Eorpach, agus tá siad ríthábhachtach agus cúnamh seachtrach an Aontais á sheachadadh. Dá bhrí sin, tá trédhearcacht i dtaca le slabhra cistiúcháin na dtionscadal agus na gclár arna geistiú ag an Aontas riachtanach d'éifeachtúlacht na dtionscnamh faoi seach, agus is gealltanais lárnach de bheartais an Aontais í sin.
2. Is díol sásaimh don Chomhairle raon feidhme leathan agus torthaí na tuarascála, agus an freagra mionsonraithe ón gCoimisiún. Sa tuarascáil, díriodh ar mhaoiniú gníomhaíochtaí seachtracha, an príomhréimse ina leithdháileadh cistí de chuid an Aontais ar ENRanna le linn na tréimhse 2014-17. Is cúis áthais don Chomhairle gur measadh sa réimse sin go raibh na tionscadail atá faoi stiúir ENRanna a roghnaigh an Coimisiún, trédhearcach i bhformhór na gcásanna, agus go raibh tuairisciú an Choimisiúin ar chabhair dhaonnúil agus cabhair um fhorbairt i gcomhréir, ar an iomlán, le caighdeáin idirnáisiúnta trédhearcachta.
3. Maidir le moladh 1, tá an Chomhairle ar an eolas nach bhfuil aon cheanglas dlíthiúil ann stádas ENR na n-iarratasóirí ar dheontais a thaifeadadh, ná aon sainmhíniú dlíthiúil ar fud an Aontais ar cad is ENR ann. Mar a luaitear sa tuarascáil, ní dhéantar sa Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad an Aontais, dealú idir tairbhíthe ag a bhfuil stádas ENR agus tairbhíthe eile.
4. Is díol sásaimh don Chomhairle moladh 2 go moladh 4 sa tuarascáil maidir leis an méid seo a leanas:
 - rialacha fodheonaithe a chur i bhfeidhm mar is ceart;
 - faisnéis iomlán a bhailiú maidir leis na cistí a fuair na tairbhíthe uile ar conradh ag an Aontas, ní an príomhthairbhí amháin;

¹ar fáil ag www.eca.europa.eu

– caighdeánú agus cruinneas feabhsaithe den fhaisnéis a fhoilsítear.

5. *Rialacha fodheonaithe a chomhlíonadh* – Maidir le tionscadail faoi bhainistíocht dhíreach, trí fhorálacha nua Rialachán Airgeadais 2018² a chur i bhfeidhm ba cheart go n-áiritheofaí cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha fodheonaithe ar fud an Choimisiúin. Maidir le tionscadail faoi bhainistíocht indíreach, ba cheart don Choimisiún a áirithiú trína fhíorúcháin go gcuirfidh comhlachtaí na Náisiún Aontaithe a rialacha agus a nósanna imeachta i bhfeidhm mar is ceart agus iad ag roghnú a bpáirtithe cur chun feidhme agus ag nochtadh na gconarthaí a fhaigheann cistiú ón Aontas. Caithfidh an fodheonú uile a bheith trédhearcach. I réimse na cabhrach daonnúla, le trédhearcacht iomlán fhodheonú chistí an Aontais cuirfear fianaise níos fearr ar fáil maidir leis na gealltanais a tugadh faoin Margadh Mór a síníodh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla i mí na Bealtaine 2016, arb é is aidhm leis feabhas a chur ar an dóigh a dtugtar cúnamh daonnúil. Níor cheart, áfach, le cur i bhfeidhm rialacha fodheonaithe, bac ná moill a chur ar sholáthar cistithe dhaonnúil tarrthála ná ar ranníocaíochtaí ar chistí comhthiomsaithe, atá bunaithe ar riachtanais phráinneacha.
6. *Sonraí ábhartha a bhailiú* – Maidir le tionscadail arna gcur chun feidhme ag roinnt tairbhíthe, ní mór don Choimisiún trédhearcacht a áirithiú i dtaca le cistiú a dháileadh i measc na dtairbhíthe uile ar conradh ag an Aontas. I gcás ina gcuireann líonra comhpháirtithe nó cuibhreannas, ag a bhfuil conradh sínithe leis an gCoimisiún, tionscadal gníomhaíochta seachtraí chun feidhme, ní hé an phríomheagraíocht amháin nach mór a léiriú go hiomlán san fhaisnéis a choinnítear i gcórais an Choimisiúin, ach leagan amach iarbhir an líonra freisin. I dtaca le tionscadail faoi bhainistíocht indíreach trí chomhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, ba cheart faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil faoi na costais indíreacha a dhearbhaigh na comhpháirtithe uile cur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh sé sin ina chuidiú chun inrianaitheacht cistí sa ghníomhaíochta sheachtrach a fheabhsú.

²Airteagal 204 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, Rialachán (AE) Uimh. 223/2014, Rialachán (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

7. *Cruinneas na faisnéise a fhoilsítear a chaighdeánú agus a fheabhsú* – Ba cheart do sheirbhísí uile an Choimisiúin na cineálacha céanna faisnéise a fhoilsiú sa Chóras um Thrédhearcacht Airgeadais, lena bhféadfadh úsáideoirí na tairbhíthe ar conradh ag an Aontas, mar aon leis na méideanna cistiúcháin a tugadh dóibh, a shainaithint ar bhealach níos fearr. Mar sin féin, ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag an gCoimisiún i gcónaí gan an fhaisnéis sin a nochtadh i gcásanna ina gcuirfí na tairbhíthe i mbaol dá bharr sin, lena n-áirítear maidir le slándáil, cearta nó saoirse na n-eagraíochtaí nó na ndaoine lena mbaineann, go háirithe i réimse na cabhrach daonnúla. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chuir an Coimisiún tús le sonraí IATI i ndáil le cistí iontaobhais an Aontais a fhoilsiú, chomh maith le sonraí faoi thorthaí tionscadail, in 2017. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag cur feabhais ar a chumas faisnéis chruinn maidir le cistiú ón Aontas a chur ar fáil.
8. Is cúis áthais don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún le moladh 2 go moladh 4. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an Choimisiúin do na moltaí sin a chur chun feidhme, laistigh de thréimhse ama a comhaontaíodh leis an gCúirt Iniúchóirí. Molann an Chomhairle don Choimisiún tuairisciú chuig an gComhairle maidir leis na céimeanna atá tugtha aige i ndáil leis an méid sin.
-